# Béising+20: An Clár Oibre Gníomhaíochta (BPfA) agus an tAontas Eorpach
# Réimse I: Cearta an Duine do Mhná

## Comhthéacs Beartais

Is prionsabal bunúsach é an comhionannas inscne ar bunchuid de chearta an duine é agus is réamhriachtanas é le hinfheidhmeacht cearta an duine a chinntiú agus teachtadh na gceart a chur ar fáil do gach duine. I nDearbhú Vín agus sa Chlár Gníomhaíochta sainmhínítear "cearta an duine do mhná agus don leanbh mná" mar "bhunchuid dhosháraithe dhoroinnte de chearta comhchoiteanna an duine". Ina theannta sin, impíonn an dearbhú go ndéanfar cearta an duine do mhná a dhearcadh i ngníomhaíochtaí uile na Náisiún Aontaithe. Mar phointe gaolmhar, tugadh aghaidh ar chearta an duine do mhná a leagadh amach i roinnt ionstraimí dlí idirnáisiúnta agus Eorpacha.

### Ionstraimí agus Reachtaíocht Idirnáisiúnta um Chearta an Duine

- An Coinbhinsiún maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú (CEDAW), lena sainmhínítear cearta an duine do mhná mar chearta an duine.
- Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (2007), arb é an taon ionstraim idirnáisiúnta maidir le cearta an duine atá daingnithe ag AE.

### Ionstraimí agus Reachtaíocht Eorpacha um Chearta an Duine

- Conarthaí de chuid an Aontais Eorpaigh, e.g. An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) (2009 athmhúnlú), lena nathdhearbhaítear prionsabal an chomhionannais agus oibleagáid AE chun neamhionannas a dhíothú, ina niarrtar ar na Ballstáit idirdhealú a chomhrac maidir le beartais a shainiú agus a chur i bhfeidhm.
- An Chairt Eorpach um Chearta Bunúsacha (2000), a neartaíonn an creat reachtach ginearálta maidir le cearta an duine in AE, lena mbunaítear prionsabal an chomhionannais inscne agus lena gcuirtear cosc ar idirdhealú, agus lena náirithítear ceart gach duine bearta éifeachtacha leasúcháin agus triail chóir a fháil.
- Treoracha an Aontais Eorpaigh maidir le réimsí, amhail comhdheiseanna agus caitheamh comhionann le mná agus le fir i gcúrsaí fostaíochta (2006/54/AE), an dualgas cruthúnais i gcásanna idirdhealaithe bunaithe ar ghnéas (97/80/CE), cearta íospartach na coireachta, coincheapa "an fhoréigin inscne" agus "an fhoréigin i ndlúthchaidreamh" (2012/29/AE).
- Straitéis maidir le comhionannas idir mná agus fir 2010-2015, na Ballstáit a spreagadh chun riachtanais dhifriúla na mban (lena náirítear neamhionannas trasnach) a chur san áireamh laistigh den reachtaíocht agus de bheartais, lena dtugtar isteach an smaoineamh gur sárú ar chearta an duine foréigean in aghaidh na mban.
- Comhaontú Eorpach um chomhionannas idir mná agus fir 2011-2020, ag iarraidh ar na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun dul i ngleic le hidirdhealú i réimsí éagsúla den saol sóisialta.
- Straitéis Eorpach um Míchumas 2010-2020.
- Creat AE do Straitéisí Náisiúnta maidir le Lánpháirtiú na Romach faoi 2020.
- Creat Cinneadh 2002/629/JHA ón gComhairle an 19 Iúil 2002 maidir le gáinneáil ar dhaoine a chomhrac.

## Cuspóirí straitéiseacha BPfA (Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising) agus táscairí an Aontais Eorpaigh

**I.1.** Cearta an duine do mhná a chur chun cinn agus a chosaint trí gach ionstraim um chearta an duine a chur i bhfeidhm go hiomlán, go háirithe an Coinbhinsiún maidir le gach cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú (CEDAW).

**I.2.** Comhionannas agus neamhidirdhealú de réir an dlí agus i gcleachtas a áirithiú.

**I.3.** Litearthacht dlí a bhaint amach (i.e. cumhachtú na mban maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an dlí).

Tá CEDAW daingnithe ag na Ballstáit go léir agus dá bhrí sin tá siad faoi cheangal dlí é a chur i bhfeidhm tar éis phrionsabal dícheall chuí. Mar chuid den oibleagáid sin cuireann na Ballstáit tuarascálacha náisiúnta ar na bearta a glacadh faoi bhráid an Choiste um Idirdhealú in aghaidh na mBan a Dhíothú (Coiste CEDAW), a dhéanann anailís ar na tuarascálacha agus a eisíonn moltaí sonracha. Tá siad seo comhlánaithe ag scáththuarascálacha a chuir eagraíochtaí sochaí sibhialta le chéile sna tíortha faoi seach. Thairis sin, eisíonn an Coimisiún Eorpach tuarascálacha bliantúla ar chomhionannas idir mná agus fir. Go dtí seo, ní dhearnadh athbhreithniú ar réimse chearta an duine mar chuid de phróiseas faireacháin BPfA ag leibhéal AE.

Tugtar na sonraí agus an fhaisnéis is déanaí ar na táscairí seo sa bhunachar sonraí Mná agus fir in AE — Fíorais agus figiúirí, arna fhorbairt ag an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne, atá ar fáil ag: http://eige.europa.eu/content/women-and-men-in-the-eu-facts-and-figures.

## Torthaí ó shonraí ar fud an Aontais Eorpaigh

### Reachtaíocht i gcoinne an idirdhealaithe deacair a thrasuí agus a chur i bhfeidhm

De réir Líonra Shaineolaithe Dlí an Choimisiúin Eorpaigh, bíonn cur chun feidhme na dtreoracha comhionannais inscne teoranta i gcásanna áirithe. An cur chuige, a bhíonn neodrach ó thaobh inscne den chuid is mó, a glacadh i gceapadh na reachtaíochta, cuireann sé isteach ar chur chun feidhme an chomhionannais inscne, mar a dhéanann coitiantacht steiréitíopaí laistigh d'institiúidí reachtaíochta agus breithiúnacha amhlaidh freisin. Mar phointe gaolmhar, níor bhraith ach 22 % de shaoránaigh an AE27 ar an meán go ndeachaigh a gcuid rialtas faoi seach i ngleic go héifeachtach le gach cineál idirdhealaithe in 2012.

### Bacainní struchtúrtha agus institiúideacha ag mná ar cheartais a rochtain

Tá bacainní sonracha struchtúrtha agus institiúideacha ann do mhná maidir le rochtain ar cheartas. Is féidir na deacrachtaí sin a nascadh leis na costais a bhaineann le himeacht breithiúnach. Thairis sin, tá tuiscint a d'fhéadfadh a bheith easnamhach ag na cúirteanna agus ag an bhfórsa póilíneachta ar an bhforéigean in aghaidh na mban. Mar thoradh air sin, féadfaidh comhordú easnamhach idir institiúidí bhreithiúnacha agus coiriúla le linn nósanna imeachta imscrúdaithe agus le linn fianaise a bhailiú a chur faoi deara do mharthanóirí mná an fhoréigin a gcuid eispéireas athlua agus scrúduithe dochtúra a dhéanamh arís. D'fhéadfadh na himeachtaí breithiúnacha fada agus an íospairt thánaisteach a thagann dá bharr, chomh maith le brú ón tsochaí, beaguchtach a chur ar mhná go héifeachtach maidir le himeachtaí dlíthiúla a thionscnamh.

D'fhéadfadh na steiréitíopaí agus gannionadaíocht na mban san fhórsa póilíneachta agus sna breithiúna caighdeán na seirbhísí a fhaigheann mná agus fir a laghdú agus mná a chur ó thacaíocht a lorg. D'fhéadfadh dearcthaí agus creidimh thraidisiúnta a bhaineann le steiréitíopaí inscne, claonadh inscne a chothú sna cúirteanna, rud a aithnítear ar na cúiseanna leis an líon beag cásanna cúirte a dtagann ciontú astú agus leis na leibhéil arda doilís a léirítear.

Chuideodh forbairt ar shonraí agus ar thaighde ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal na hEorpa leis na baic atá ann do mhná a aithint agus le measúnú níos fearr a dhéanamh orthu.

### Bíonn dúshláin éagsúla ag mná ó ghrúpaí éagsúla agus a gcearta á bhfeidhmiú acu

Ní grúpa aonchineálach iad na mná agus is féidir go gcuirfear bac sa bhreis ar rochtain roinnt ban ar an gceartas de dheasca tosca áirithe bíodh siad dlíthiúil, institiúideacha, struchtúrtha, socheacnamaíocha nó cultúrtha. Dá réir sin, is féidir go mbeidh foirmeacha éagsúla idirdhealaithe ag mná ag an am céanna. De réir choincheap na trasnachta, is mó an tidirdhealú ag mná ar fhorais éagsúla ag an am céanna ná an tsuim shuimitheach, ach suim iolraitheach, mar gur doscartha agus casta eispéiris idirdhealaithe.

### Tá sé deacair idirdhealú trasnach a mheas, go háirithe má tá ceist ghnéis ann

Is coincheap casta an tidirdhealú trasnach atá deacair le sainmhíniú agus dá bhrí sin is ar bhealaí éagsúla a fheidhmítear é i measc na gcóras dlí sna Ballstáit. De réir

**CÉATADÁN NA nDAOINE A MHEASANN GO BHFUIL AN DÍCHEALL A RINNEADH INA dTÍR FÉIN CHUN DUL I nGLEIC LE GACH CINEÁL IDIRDHEALAITHE GO hIOMLÁN ÉIFEACHTACH, 2012**




Foinse: Eorabharaiméadar speisialta 393, Idirdhealú in AE i 2012

phrionsabal na hinchomparáideachta, tá sé riachtanach cás tagartha a aithint i ndlí AE agus sa dlí náisiúnta araon, lena mheasúnú an ndearnadh idirdhealú in aghaidh duine. Go sonrach má bhíonn trasnacht i gceist, bíonn sé deacair comparáidí oiriúnacha a aimsiú, rud is cúis le prionsabal an neamhidirdhealaithe a bheith teoranta sa chleachtas.

### Imircigh (lena náirítear dídeanaithe, iarrthóirí tearmainn agus mná gan doiciméid)

Deonaíonn formhór na mBallstát ceart sealadach cónaithe nuair a bhíonn cruthúnas ann ar chonradh oibre rialta. Is sna hearnálacha neamhrialaithe agus sa gheilleagar neamhfhoirmiúil, áfach, a bhíonn na mná imirce ag obair go minic. Thairis sin, tá na dlíthe i dtaca le cónaí agus le fostaíocht, dlíthe atá dall ar inscne den chuid is mó, nasctha fós le stádas an teaghlaigh. I dtólamh, bíonn mná a théann isteach sa tír mar chéile fir ag bráth ar leanúnachas an chaidrimh, rud a chiallaíonn go mbíonn sé thar a bheith deacair acu tacaíocht a lorg ón gcóras dlí choiriúil i gcás foréigin inscnebhunaithe, mar shampla. Tá rochtain ar an gceartas thar a bheith deacair ag imircigh bhan gan doiciméid, mar go bhféadfadh eagla a bheith orthu go ndéanfar coirpigh díobh agus an córas dlí a rochtain acu; fadhb a bhíonn ag íospartaigh gháinneála ar dhaoine agus ag íospartaigh striapachais éigeantais go sonrach.

### Mná ó ghrúpa mionlaigh

Bíonn rochtain teoranta ar an gceartas ag mná ó ghrúpaí mionlaigh (e.g. grúpaí eitneacha, grúpaí teanga nó grúpaí creidimh) mar go mbíonn baol níos mó bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta ann dóibh. Ní thugann na Ballstáit aghaidh ar dheacrachtaí nó ar bhacainní a bhíonn ag mná ó mhionlaigh eitneacha maidir leis an margadh saothair a rochtain, in ainneoin go mbraitheann formhór na mBallstát ar rannpháirtíocht daoine aonair sa mhargadh saothair chun a gcuid pinsean agus a gcuid córas slándála sóisialta a chothú.

### Na Mná Romaigh

Is é pobal na Romach an grúpa mionlaigh eitnigh is mó in AE, meastar go bhfuil sé mhilliún duine ann. Cé go núsáidtear an téarma pobal na Romach go coitianta ag leibhéal beartais, ceileann sé éagsúlacht laistigh de ghrúpa. Fulaingíonn na mná Romaigh an chuid is láidre den imeallú agus den idirdhealú agus is minic a gcoisctear iad ar dhul isteach ar an saol poiblí, mar gheall ar a gcuid oibleagáidí sa saol príobháideach agus ar luachanna traidisiúnta leanúnacha maidir le ról na mban ina bpobail féin.

### Mná faoi mhíchumas

Is ionann mná agus cailíní faoi mhíchumas agus 16 % de líon na mban in AE. Tá seans idir 0.5 agus 10 nuaire níos mó go ndéanfar idirdhealú ar mhná faoi mhíchumas seachas mná nach bhfuil faoi mhíchumas.

### Mná leispiacha nó déghnéasacha agus daoine trasinscneacha

Tá níos mó seans go ndéanfar idirdhealú ar mhná leispiacha nó déghnéasacha agus ar dhaoine trasinscneacha ar bhonn a ninscne seachas fir aeracha nó fir dhéghnéasacha.

### Mná scothaosta

Fulaingíonn mná os cionn 65 bliana d'aois idirdhealú sonrach suntasach fós — maidir le rochtain ar fhostaíocht nó le sásamh a éileamh nó le rochtain ar na cúirteanna nó ar stáisiúin phóilíní — mar gur féidir nach mbíonn siad ar an eolas faoi na seirbhísí atá ar fáil nó nach mbraitheann siad iad féin mar íospartaigh.

## Tograí úsáideacha:

Tá an meas ar chearta an duine do mhná agus ar chóir chomhionann mar chuid de ghníomhaíochtaí eagraíochtaí éagsúla chearta an duine laistigh de na Ballstáit agus ar fud AE. Reáchtálann Ionad na hEastóine um Chearta an Duine an tionscadal An Gréasán um Chóir Chomhionann le linn 2012-15 a iarann cóir chomhionann a chur chun cinn agus feabhas a chur ar chosaint ar an idirdhealú le líonrú agus le comhoibriú idir eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus abhcóideacht straitéiseach. D'fhoilsigh Institiúid na Danmhairge um Chearta an Duine (DIHR) Tuarascáil Stádais nua arb é is aidhm leis ná buncheisteanna chearta an duine sa Danmhairg a chur i láthair. Is ar chomhionannas inscne sa Danmhairg a dhíríonn na téamaí a dtugtar tosaíocht dóibh i dtuarascáil Stádais an DIHR do 2013. Ina theannta sin, oibríonn Roinn um Chóir Chomhionann an DIHR ar mhodhanna a fhorbairt maidir le cur cinn na córa comhionainne agus an neamhidirdhealaithe, ar na sásanna a forbraíodh sa réimse seo tá "An Roth Éagsúlachta", "An tSaotharlann Éagsúlachta" (don earnáil phríobháideach) agus "An tSaotharlann Chomhionannais" (do bhardais).

### DUL CHUN CINN AGUS BAIC I RÉIMSE I: CEARTA AN DUINE DO MHNÁ

| DUL CHUN CINN | BAIC |
|---|---|
| • Tá tábhacht na rochtana comhionainne ar an gceartas aitheanta mar cheist bhunúsach.<br>• Tá an gá le dul i ngleic leis an idirdhealú atá iolrach nó trasnach aitheanta ag roinnt Ballstát.<br>• Tá an gá le tacaíocht a thabhairt do mharthanóirí mná an fhoréigin aitheanta níos minice anois, rud is cúis le bearta agus meicníochtaí tacaíochta níos forásaí á nglacadh i roinnt Ballstát. | • Ní hionann tairbhiú a gceart ag mná agus ag fir.<br>• Bíonn bacainní institiúideacha, eacnamaíocha agus cultúrtha ag mná maidir le rochtain a fháil ar an gceartas.<br>• Bíonn sé deacair go háirithe ag mná a bhaineann le grúpaí ar leith rochtain chomhionann a fháil ar an gceartas.<br>• Tá bacainní nach beag fós ag íospartaigh mhná an fhoréigin i dtaobh sásamh a éileamh.<br>• Níl sonraí comparáideacha nó táscairí forbartha chun measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn na mBallstát san ábhar sin imní. |

## An bealach chun tosaigh don Aontas Eorpach

- Táscairí a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn na mBallstát i réimse Chearta an Duine do Mhná.
- Aghaidh a thabhairt ar bhacainní atá ag mná agus ag íospartaigh an fhoréigin go sonrach agus sásamh á éileamh acu nuair a sháraítear a gcearta.
- Rochtain chomhionann ar an gceartas a chinntiú do gach uile bhean, trí dheireadh a chur le bacainní eacnamaíocha, cultúrtha nó institiúideacha (inscneach), mar réamhchoinníoll riachtanach maidir le cearta an duine do mhná.
- Bearta a fhorbairt lena chinntiú go mbeidh téachtadh chearta an duine is ionann ag mná agus ag fir araon, chun dul i ngleic le hidirdhealú éagsúil agus le trasnacht agus chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sonracha do mharthanóirí mná an fhoréigin.

### An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE)

Is í an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) an lárionad faisnéise ar chomhionannas inscne. Tacaíonn EIGE le lucht déanta beartas agus le gach foras ábhartha ina gcuid iarrachtaí le réaltacht a dhéanamh de chomhionannas idir mná agus fir do gach Eorpach agus tharstu trí shaineolas ar leith agus sonraí inchomparáide agus iontaofa ar chomhionannas inscne san Eoraip a chur ar fáil dóibh.

Tuilleadh faisnéise ag: http://eige.europa.eu

Is uirlis nuálaíochta agus phraiticiúil é Lárionad Acmhainní agus Doiciméadaithe (RDC) de chuid na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne, a forbraíodh chun cabhrú le príomhacmhainní ar chomhionannas inscne a aimsiú, chun malartú faisnéise a éascú ina measc siúd a bhfuil spéis acu i mbeartais agus i gcleachtais chomhionannais inscne agus chun spás ar líne le haghaidh díospóireachta agus idirphlé a thairiscint.

Tuilleadh faisnéise ag: http://eige.europa.eu/content/r

**Eolas teagmhála:**
European Institute for Gender Equality
Gedimino pr. 16
LT-01103 Vilnius
AN LIOTUÁIN/LITHUANIA
Teil. +370 5 215 7444, Teil. +370 5 215 7400

facebook.com/eige.europa.eu
twitter.com/eurogender
youtube.com/eurogender
https://eurogender.eige.europa.eu

ISBN 978-92-9218-563-3
doi:1MISSING
MH-04-15-022-DE-N